



Polasaí maidir le Sonraí agus
Doiciméid a Choinneáil

Aontaíodh an 24 Bealtaine 2018

Forléargas ar an bPolasáí Coinneála

Tá de pholasáí ag RTÉ:

- gan Sonraí Pearsanta, doiciméid ná faisnéis a choinneáil ach amháin ar feadh tréimhse faoi leith, mura mbíonn a mhalairt de cheangal ar RTÉ faoin dlí;
- Sonraí Pearsanta, doiciméid agus faisnéis a stóráil ar bhealach atá slán sábháilte agus na bearta slándála cuí i bhfeidhm; agus
- Sonraí Pearsanta, doiciméid agus faisnéis a choinnítear i bhformáidí eile a scrios agus a ghlanadh ar bhealach slán lena gcaomhnaítear an rúndacht ina leith a luaithe a tharlaíonn nach bhfuil tábhacht leo feasta maidir leis an gcuspóir a bhí lena bhfáil.

CUID 1

1. Réamhrá

Is é seo an Polasáí Coinneála maidir le sonraí agus doiciméid (an “**Polasáí Coinneála**”) atá ag Raidió Teilifís Éireann, ag RTÉ Commercial Enterprises DAC agus ag aon fhiontar cleithiúnaithe dá gcuid lena n-áirítear 2RN (“**RTÉ**” ag tagairt dóibh uile go léir in éineacht). Tá an Polasáí Coinneála seo ina chuid den tionscadal atá ar bun ag RTÉ i ndáil leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (“**GDPR**”) a chomhlíonadh. Is é cuspóir atá leis an bPolasáí Coinneála a bhfuil de pholasáí ag RTÉ maidir le Sonraí Pearsanta (i.e. eolas lenar féidir duine aonair beo a aithint), doiciméid, taifid, comhaid, samplaí agus taifid closamhairc agus cineál ar bith eile eolais nó taifid, gan bheann ar chineál an mheáin ina stóráiltear iad, (“**Sonraí**” ag tagairt dóibh uilig go léir in éineacht) a choinneáil agus a scrios.

2. Cineálacha na nDoiciméad

Baineann an Polasáí Coinneála seo le haon chineál Sonraí a chruthaítear, a fhaightear nó a chuirtear ar aghaidh i gcomhthéacs obair RTÉ, gan bheann ar an bhformáid. D'fhéadfadh go mbeadh a leithéid seo a leanas, mar shampla, san áireamh le Sonraí den sórt sin:

- **Comhad cruachóipe**

Litreacha agus comhfhreagras eile chuig RTÉ agus ó RTÉ; conarthaí; nótaí lámhscríofa; agus athbhreithniú ar fheidhmíocht bhall foirne.

- **Comhad fuaimne nó físeáin**

Taifeadadh fuaimne nó físeáin; eolas a aimsíodh ó fhoinsí iriseoireachta ar mheáin eile; agus teachtaireacht gutháin.

- **Sonraí digiteacha**

Comhaid leictreonacha; teachtaireachtaí ríomhphoist, ceangaltáin, bunachair sonraí agus doiciméid i bhfoirm leictreonach, mar shampla bileog excel; agus taispeántas sleamhnán.

- **Ábhar a phostáiltear ar líne**

Ar rte.ie mar shampla

Dá réir sin, ní mór aon taifead páipéir agus aon chomhad leictreonach a thagann faoi scáth

cheann ar bith de na catagóirí a liostaítear sa Sceideal maidir le Taifid a Choinneáil atá mar Aguisín leis an bPolasáí seo, a choinneáil ar feadh an achair a luaitear sa Sceideal céanna. Níor cheart sonraí a choinneáil níos faide ná an t-achar a luaitear sa Sceideal maidir le Taifid a Choinneáil mura mbíonn gá, mar gheall ar chúis dlíthíochta nó cás speisialta eile), lena gcoinneáil. Sa chás nach bhfuiltear cinnte an ceart taifead faoi leith a choinneáil nó nach ceart, pléitear an cheist leis an mball foirne a dhéanann maoirseacht ar do chuid oibre nó le dpo@rte.ie.

3. Modhanna Stórála maidir le Sonraí

Ní mór taifid RTÉ a stóráil ar bhealach oiriúnach, agus nuair is gá sin, ar bhealach slán, sábháilte agus ar bhealach inar féidir iad a thapú. Is ceart aird faoi leith a thabhairt ar a chinntiú go ndéantar faisnéis de chineál íogair, go háirithe faisnéis a fhaightear ó fhoinsí iriseoireachta, a stóráil ar bhealach slán, lena n-áireofaí, mar shampla, caibinéid comhad agus oifigí a choinnítear faoi ghlas sa chás gur Sonraí cruachóipe atá i gceist agus/nó cosaint pasfhocail agus criptiúcháin nuair atá Sonraí i bhformáid leictreonaice á stóráil.

4. Modhanna Scriosta maidir le Sonraí

Ón tráth a mbíonn an tréimhse coinneála caite maidir le sonraí faoi leith, de réir mar a leagtar amach go sonrath sa Sceideal maidir le Coinneáil Sonraí atá san Aguisín leis seo, is ceart na Sonraí sin a ghlanadh nó a scrios mar seo a leanas:

- **Comhaid cruachóipe:** iad a scrios trí stialladh discréideach a dhéanamh.
- **Cóipeanna digiteacha de chomhaid:** iad a ghlanadh, i gcomhar leis an Roinn Teicneolaíochta, den uile chóras agus/nó as gach bunachar sonraí ina ndéantar Sonraí den sórt sin a stóráil.
- **Sonraí a stóráiltear ar mheáin eile:** iad a scrios ar bhealach slán discréideach ionas go gcinntítear nach dtarlaíonn an t-ábhar a nochtadh.

5. Stad Dlíthíochta agus Cásanna Speisialta eile

• Stad Dlíthíochta

Éilíonn RTÉ ar na fostaithe uile cloí go hiomlán leis an treoir ghinearálta a leagtar amach sa Pholasáí seo agus leis na tréimhsí sonracha coinneála a leagtar amach sa Sceideal maidir le Coinneáil Sonraí. Ba chóir, ina ainneoin sin, do gach fostaí an cás eisceachta seo a leanas maidir le haon sceideal scriosta a luaitear a thabhairt chun aire: sa chás gur dóigh leat, nó go gcuireann Oifig na nAturnaetha in iúl, go bhfuil tábhacht maidir le dlíthíocht atá ar siúl, le cás a bhféadfadh dlíthíocht a theacht dá thoradh (i.e. ábhar a bhféadfadh dlíthíocht teacht de thoradh ar agóid ina leith), le himscrúdú de chuid an rialtais, le hiniúcháireacht nó le himeachtaí eile, le Sonraí áirithe atá á gcoinneáil ag RTÉ, ní foláir duit sonraí den chineál sin, lena n-áirítear teachtaireachtaí ríomhphoist, a chaomhnú agus a fhágáil gan scrios, diúscairt, milleadh ná athrú, go dtí go gcinneann Oifig na nAturnaetha nach bhfuil gá feasta leis na Sonraí. “**Stad Dlíthíochta**” a thugtar ar chás eisceachta den chineál seo a thagann chun tosaigh ar aon sceideal scriosta i ndáil leis na sonraí sin a leagadh síos roimhe sin nó ina dhiaidh sin. Sa chás gur dóigh leat go bhféadfadh cás eisceachta mar sin a bheith i gceist, pléitear sin leis an maor oibre nó le hOifig Aturnaetha RTÉ.

• An ní a dhéantar nuair a chuirtear in iúl go dtagann Stad Dlíthíochta i gceist

Ní foláir deireadh a chur ar an toirt le scrios Sonraí ar fhógra a fháil ó Oifig na nAturnaetha go bhfuil stad dlíthíochta le tabhairt i bhfeidhm mar gheall go bhféadfadh RTÉ a bheith ceangailte le himeachtaí dlíthíochta nó le himscrúdú oifigiúil. Is féidir tús a chur in athuair le scrios na sonraí a luaithe a dheimhníonn Oifig na nAturnaetha go bhfuil an stad dlíthíochta curtha ar ceal.

6. Comhlíonadh Éigeantach agus Ceisteanna a bheadh ag Fostaí

- **Freagracht ar gach Fostaí**

Tá sé de fhreagracht ar gach fostaí de chuid RTÉ déanamh de réir an Pholasáí seo, de réir an Sceidil maidir le Taifid a Choinneáil agus de réir aon fhógra a bhaineann le stad dlíthíochta. D'fhéadfadh faillí i ndáil leis sin a dhéanamh RTÉ, fostaithe de chuid RTÉ agus baill foirne ar conradh a fhágáil faoi dhliteanas. D'fhéadfadh pionós araíonachta, tréimhse fionraí nó briseadh fostaíochta san áireamh, a theacht de thoradh ar fhaillí fostaí i ndáil le cloí leis an bPolasáí seo. Leagtar de fhreagracht go sonrach ar cheannasaí gach Réimse/Aonaid a chinntiú go gcloítear leis an bPolasáí seo taobh istigh den Réimse/Aonad atá faoina c(h)úram.

- **Sárú an Pholasáí a chur in iúl**

Tá RTÉ tugtha don Pholasáí seo a chur i bhfeidhm de réir mar a bhaineann le taifid den uile chineál. Braitheann éifeacht na n-iarrachtaí sin ag RTÉ go mór, áfach, ar na fostaithe. Má táthar den tuairim go bhféadfadh ní is sárú ar an bPolasáí seo a bheith déanta agat féin nó ag duine eile, ba chóir duit sin a chur in iúl don mhaor oibre.

- **Ceisteanna maidir leis an bPolasáí**

Is ceart ceist ar bith faoin bPolasáí seo a chur faoi bhráid an mhaor oibre nó dpo@rte.ie.

CUID 2 - TRÉIMHSÍ COINNEÁLA

Mar chuid de thionscadal RTÉ i ndáil lena n-éilítear faoin rialachán GDPR a chomhlíonadh, agus le haird ar Airteagal 24 sa rialachán GDPR (agus go háirithe ar chineál, ar scóip agus ar chomhthéacs na próiseála a dhéanann RTÉ ar shonraí agus ar na cuspoirí agus ar an ábhar baoil a bhaineann leis an bpróiseáil sin), agus ar na prionsabail maidir le 'teorannú stórála' agus le 'íoslaghdú sonraí' a luaitear in Airteagal 5 den rialachán GDPR, tá ceithre cinn de thréimhsí ginearálta maidir le coinneáil sonraí leagtha amach ag RTÉ mar atá sa tábla thíos. Tugtar anailís níos mine san Aguisín ar na coinníollacha éagsúla coinneála faoin reachtaíocht atá mar bhonn leis an gcur chuige seo:

<i>Cineál na Sonraí</i>	<i>Tréimhse Choinneála</i>	<i>Critéir</i>	<i>Samplaí</i>
1. Faisnéis Indiúscartha	Náid. Is féidir a scrios ar an toirt. Ní ceart seo a choinneáil níos faide ná an tréimhse úsáide a bhaineann le cuspoir na faisnéise.	Sonraí, faisnéis agus ábhar cáipéisíochta nach dteastaíonn mar thaifead buan, agus ar go sealadach, agus sin amháin, a bhíonn úsáid astu.	<ul style="list-style-type: none"> • Bundréacht de theachtaireacht ríomhphoist, de litir, de thuairisc, etc. agus nótaí garbha oibre. • Ábhar atá ar fáil go poiblí agus a úsáidtear mar ábhar tagartha (mar shampla, ábhar as leabhair, foinsí idirlín, irisí etc.). • Ábhar turscair agus dramhphoist. • Comhfhreagras nach mbaineann leis an obair.
2. Faisnéis Neamhbhuan	3 bliana tar éis don eachtra thábhachtach tarlú (mar shampla, tar éis na tréimhse oibre nó saoire lena mbaineann an taifead).	Sonraí, faisnéis agus ábhar cáipéisíochta a bhaineann le hábhar go ceann tréimhse cinnte ama agus nach mbaineann le hábhar feasta nuair a bhíonn tréimhse áirithe ama caite tar éis don eachtra thábhachtach tarlú.	<ul style="list-style-type: none"> • Comhfhreagras den ghnáthchineál a tharlaíonn go himheánach lá i ndiaidh an lae.
3. Faisnéis nach Neamhbhuan	8 mbliana tar éis don eachtra thábhachtach tarlú (mar shampla, deireadh a theacht le caidreamh fostaíochta nó le conradh).	Sonraí, faisnéis agus ábhar cáipéisíochta is ceart a choinneáil mar chuid den chomhad go ceann tréimhse níos faide. Táscaire príomhthábhachta maidir le Faisnéis nach Neamhbhuan is ea gur cheart í a choinneáil ar eagla go dtarlódh éileamh faoin dlí.	<ul style="list-style-type: none"> • Comhaid pearsanra. • Comhaid saoire. • Conarthaí. • Tairiscintí.

4. Coinneáil Éigríochta	Tar éis 8 mbliana: <ul style="list-style-type: none"> • Cur i gcartlann; nó • Coinneáil i gcomhréir le tréimhse coinneála a leagtar síos go sonrach faoin reachtaíocht. 	Ceangal faoin dlí iad a choinneáil ar feadh tréimhse éigríochta nó go buan nó ceangal iad a choinneáil mar chuid de chartlann oifigiúil RTÉ.	<ul style="list-style-type: none"> • Miontuairiscí chruinnithe boird. • Taifid pinsin agus sochair. • Ábhar craoltóireachta. • Grinnfhiosrúchán agus Cosaint Leanaf.
--------------------------------	--	--	--

AGUISÍN

AN SCEIDEAL MAIDIR LE TAIFID A CHOINNEÁIL

Ó thráth go chéile, leagann RTÉ síos sceideal coinneála nó sceideal scriosta nó gnás oibre faoi leith maidir le cineálacha áirithe taifead. Déantar sin chun a chinntiú go gcloítear leis an dlí agus go mbaintear amach cuspóirí eile, mar shampla maoin intleachta a chosaint agus dea-riarachán maidir le costas stórála, TE agus eile. Is treoir tagartha an Sceideal seo a leanas maidir le Taifid a Choinneáil (an “**Sceideal Coinneála**”) atá le ceadú maidir le tréimhsí coinneála cháipéisí éagsúla faoi dhlí na hÉireann de réir mar atá i bhfeidhm an ● Bealtaine 2018. Tugtar chun aire nach liosta lánchuimsitheach seo de na taifid agus den fhaisnéis is gá a choinneáil faoi dhlí na hÉireann agus go bhféadann athrú a theacht ó am go chéile ar na coinníollacha faoin dlí maidir le cáipéisí a choinneáil agus gur chóir dá réir sin an t-ábhar a choinneáil faoi athbhreithniú go tráthrialta.

Leagtar amach an Sceideal maidir le Taifid a Choinneáil (an “**Sceideal Coinneála**”) de réir na ranganna seo a leanas:

1. Taifid/comhaid AD.
2. Ábhar craolacháin.
3. Bainistíocht ar an gCaidreamh le Custaiméirí agus le Soláthraithe Seirbhíse.
4. Suíomh Gréasáin RTÉ, na Meáin Shóisialta agus Aipeanna.
5. Catagóirí eile.

Cuid 1 – Acmhainní Daonna

CINEÁL NA SONRAÍ	FOINSE/IONAD STÓRÁLA (CÓRAIS ETC.)	TRÉIMHSE COINNEÁLA	TREOIR AR DHEIREADH A THEACHT LEIS AN TRÉIMHSE COINNEÁLA	CÚIS FAOIN REACHTAÍOCHT/EILE	FREAGRACHT
A. Taifid/comhaid earcaíochta					
<p>Iarratais earcaíochta ó iarrthóirí na ch n-éiríonn leo:</p> <ul style="list-style-type: none"> • taifid agallaimh; • bileoga marcála; agus • iarratais ar phoist nach mar gheall ar fholúntas a fhógairt a seoladh isteach iad. 	<p>PeopleSoft, Candidate Manager, cruachóipeanna, bogchóipeanna (teachtaireachtaí rí omhphoist, comhaid etc. dioscaí & ionaid éagsúla); agus</p> <p>Cruachóipeanna, Bogchóipeanna (teachtaireachtaí rí omhphoist, comhaid etc.)</p>	<p>Neamhbhuan: 3 bliana ón dáta ar ar tharla an eachtra thábhachtach.</p>	<p>Sonraí in Candidate Manager & PeopleSoft a ghlanadh.</p> <p>Scriostar sonraí cruachóipe le stialladh discrídéach.</p> <p>Gach taifead bogchóipe a ghlanadh.</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2015. • An tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014. <p>Nóta: Éilítear faoi Alt 76 de na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998-2015, go bhféadann fostaithe faisnéis áirithe a iarraidh. Is féidir le sealbhóir na faisnéise diúltú í a chur ar fáil ach d'fhéadfadh tuiscint mhífhabhrach a bheith le baint as diúltú den sórt sin tráth is faide anonn. Is féidir éileamh a dhéanamh taobh istigh de bhuntréimhse sé mhí ach is féidir tréimhse níos faide suas le 12 mí a thabhairt i gceist i gcásanna áirithe. Is leor tréimhse 18 mí chun freastal dó sin chomh maith le foráil do thréimhse réasúnta i ndáil le Cúiseanna le Cinntí a thabhairt faoi alt 18 den Acht um Shaoráil Faisnéise 2014.</p>	<p>AD ar fad</p>

Earcaíocht – Tuairiscí Boird	Cruachóip & Bunchóip.	Coinneáil Éigríochta.	Cuirtear i gcartlann tar éis 8 mbliana.	I gcás tuairiscí nach luaitear sonraí pearsanta faoi leith iontu, is féidir iad a choinneáil gan tréimhse coinneála faoi leith a shocrú.	AD
---	--------------------------	------------------------------	--	--	----

CINEÁL NA SONRAÍ	FOINSE/IONAD STÓRÁLA (CÓRAIS ETC.)	TRÉIMHSE COINNEÁLA	TREOIR AR DHEIREADH A THEACHT LEIS AN TRÉIMHSE COINNEÁLA	CÚIS FAOIN REACHTAÍOCHT/EILE	FREAGRACHT
B. Comhaid Pearsanra na bhFostaithe					
<p>Comhaid na bhFostaithe:</p> <p><i>Tugtar san áireamh:</i> taifid pearsanra agus taifid oiliúna, sonraí fostaíochta i scríbhinn, conarthaí fostaíochta agus athruithe ar théarmaí agus ar choinníollacha.</p> <p>Nóta: Maidir le sonraí pinsin a bhaineann le Fostaithe Inphinsin, féach Sonraí Pinsin thíos.</p>	<p>PeopleSoft, HR Direct, Candidate Manager.</p> <p>Cruachóip & Bunchóip (teachtaireachtaí ríomhphoist, comhaid etc. dioscaí & ionaid éagsúla).</p>	<p>Coinneáil Éigríochta:</p> <p>Maidir le Fostaithe Inphinsin - an t-achar a bhíonn ball (nó cleamhnaithe) i dteideal sochair pinsin agus go ceann 12 bliain ar a laghad ina dhiaidh sin</p> <p>Ábhar nach Neamhbhuan:</p> <p>Maidir le Fostaithe nach Fostaithe Inphinsin – 8 mbliana ó thagann deireadh leis an bhfostaíocht.</p>	<p>An comhad cruachóipe a scrios le stialladh discréideach.</p> <p>An taifead in PeopleSoft, HR Direct & Candidate Manager a ghlanadh.</p> <p>Gach taifead eile bogchóipe a ghlanadh.</p>	<ul style="list-style-type: none"> Reacht na dTréimhsí 1957 (arna leasú). <p>Nóta: Faoi Reacht na dTréimhsí 1957, is féidir éileamh maidir le sárú conartha a dhéanamh suas le sé bliana tar éis an tráth a dtarlaíonn an sárú conartha agus ní foláir aon chaingean a sheirbheáil taobh istigh de thréimhse 12 mí.</p>	

CINEÁL NA SONRAÍ	FOINSE/IONAD STÓRÁLA (CÓRAIS ETC.)	TRÉIMHSE COINNEÁLA	TREOIR AR DHEIREADH A THEACHT LEIS AN TRÉIMHSE COINNEÁLA	CÚIS FAOIN REACHTAÍOCHT/EILE	FREAGRACHT
Sonraí maidir le Promhadh	PeopleSoft, Cruachóip & Bunchóip, (teachtaireachtaí ríomhphoist, comhaid etc.).	<p>Coinneáil Éigríochta:</p> <p>Maidir le Fostaithe Inphinsin - an t-achar a bhíonn ball (nó cleamhnaithe) i dteideal sochair pinsin agus go ceann 12 bliain ar a laghad ina dhiaidh sin</p> <p>Ábhar nach Neamhbhuan:</p> <p>Maidir le Fostaithe nach Fostaithe Inphinsin 8 mbliana ó thagann deireadh leis an bhfostaíocht.</p>	<p>An comhad cruachóipe a scrios le stialladh discréideach.</p> <p>An taifead in PeopleSoft & HR Direct a ghlanadh.</p> <p>Gach taifead eile bogchóipe a ghlanadh.</p>	<ul style="list-style-type: none"> Reacht na dTréimhsí 1957 (arna leasú). <p>Nóta: Faoi Reacht na dTréimhsí 1957, is féidir éileamh maidir le sárú conartha a dhéanamh suas le sé bliana tar éis an tráth a dtarlaíonn an sárú conartha agus ní foláir aon changean a sheirbheáil taobh istigh de thréimhse 12 mí.</p>	
Taifid maidir le Saoire do Thuismitheoirí agus le Saoire Atharthachta	PeopleSoft, HR Direct, Cruachóip & Bunchóip (teachtaireachtaí ríomhphoist, comhaid etc.).	<p>Coinneáil Éigríochta</p> <p>Maidir le Fostaithe Inphinsin - an t-achar a bhíonn an ball (nó cleamhnaithe) i dteideal sochair pinsin</p>	<p>An comhad cruachóipe a scrios le stialladh discréideach. An taifead in PeopleSoft & HR Direct a ghlanadh.</p>	<p>Alt 17 den Acht um Shaoire agus Sochar Atharthachta 2016.</p> <p>Alt 27 den Acht um Shaoire do Thuismitheoirí 1998.</p>	
Force Majeure			Gach taifead eile	Alt 27(2) de na hAchtanna um Shaoire do Thuismitheoirí 1998.	

Saoire Cúramóra		agus go ceann 12	bogchóipe a ghlanadh.	Alt 31 den Acht um Shaoire Cúramóra 2001.	
------------------------	--	------------------	-----------------------	---	--

CINEÁL NA SONRAÍ	FOINSE/IONAD STÓRÁLA (CÓRAIS ETC.)	TRÉIMHSE COINNEÁLA	TREOIR AR DHEIREADH A THEACHT LEIS AN TRÉIMHSE COINNEÁLA	CÚIS FAOIN REACHTAÍOCHT/EILE	FREAGRACHT
		bliain ar a laghad ina dhiaidh sin Ábhar nach Neamhbhuan: Maidir le Fostaithe nach Fostaithe Inphinsin – 8 mbliana ó thagann deireadh leis an bhfostaíocht.			

<p>Taifid maidir le Saoire Breoiteachta & scrúdú dochtúra réamhfhostaíochta</p> <p>Neamhláithreacht de chineálacha eile</p>	<p>PeopleSoft, Cruachóip & Bunchóip (teachtaireachtaí ríomhphoist, comhaid etc.).</p>	<p>Coinneáil Éigríochta</p> <p>Maidir le Fostaithe Inphinsin - an t-achar a bhíonn ball (nó cleamhnaithe) i dteideal sochair pinsin agus go ceann 12 bliain ar a laghad ina dhiaidh sin</p> <p>Ábhar nach Neamhbhuan:</p> <p>Maidir le Fostaithe nach Fostaithe Inphinsin – 8 mbliana ó thagann deireadh leis an bhfostaíocht.</p>	<p>Scriostar le stialladh discrídeach/an taifead in PeopleSoft a ghlanadh.</p> <p>Gach taifead eile bogchóipe a ghlanadh.</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Reacht na dTréimhsí 1957 (arna leasú). <p>Nóta: Faoi Reacht na dTréimhsí 1957, is féidir éileamh maidir le sárú conartha a dhéanamh suas le sé bliana tar éis an tráth a dtarlaíonn an sárú conartha agus ní foláir aon chaingean a sheirbheáil taobh istigh de thréimhse 12 mí.</p>	
---	---	--	---	---	--

CINEÁL NA SONRAÍ	FOINSE/IONAD STÓRÁLA (CÓRAIS ETC.)	TRÉIMHSE COINNEÁLA	TREOIR AR DHEIREADH A THEACHT LEIS AN TRÉIMHSE COINNEÁLA	CÚIS FAOIN REACHTAÍOCHT/EILE	FREAGRACHT
Taifid maidir le Saoire Bhliantúil	PeopleSoft.	Neamhbhuan: 3 bliana ó dheireadh na bliana saoire bhliantúil (an 1 Aibreán go dtí an 31 Márta) faoin reachtaíocht lena mbaineann an tsaoire bhliantúil.	Cuirtear i gcartlann tar éis 4 bliana. Taifid sa chóras nua AD, a bhfuil tairiscintí iarrtha ina leith, a ghlanadh.	Alt 25 den Acht um Eagrú Ama Oibre 1997.	
Taifid lena léirítear cloí leis an Acht um Eagrú Ama Oibre 1997 agus leis na Rialacháin um Eagrú Ama Oibre (Taifid) (Foirm Fhorordaithe agus Díolúintí) 2001	●	Coinneáil Éigríochta Maidir le Fostaithe Inphinsin - an t-achar a bhíonn ball (nó cleamhnaithe) i dteideal sochair pinsin agus go ceann 12 bliain ar a laghad ina dhiaidh sin Ábhar nach Neamhbhuan: Maidir le Fostaithe nach Fostaithe Inphinsin – 8 mbliana ó thagann deireadh leis an	●	Alt 25, an tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997. Na Rialacháin um Eagrú Ama Oibre (Taifid) (Foirm Fhorordaithe agus Díolúintí) 2001.	

		bhfostaíocht.			
--	--	---------------	--	--	--

CINEÁL NA SONRAÍ	FOINSE/IONAD STÓRÁLA (CÓRAIS ETC.)	TRÉIMHSE COINNEÁLA	TREOIR AR DHEIREADH A THEACHT LEIS AN TRÉIMHSE COINNEÁLA	CÚIS FAOIN REACHTAÍOCHT/EILE	FREAGRACHT
Taifid maidir le cúrsaí máithreachais		<p>Coinneáil Éigríochta</p> <p>Maidir le Fostaithe Inphinsin - an t-achar a bhíonn ball (nó cleamhnaithe) i dteideal sochair pinsin agus go ceann 12 bliain ar a laghad ina dhiaidh sin</p> <p>Ábhar nach Neamhbhuan:</p> <p>Maidir le Fostaithe nach Fostaithe Inphinsin –8 mbliana ó thagann deireadh leis an bhfostaíocht.</p>		<ul style="list-style-type: none"> • Reacht na dTréimhsí 1957 (arna leasú). <p>Nóta: Faoi Reacht na dTréimhsí 1957, is féidir éileamh maidir le sárú conartha a dhéanamh suas le sé bliana tar éis an tráth a dtarlaíonn an sárú conartha agus ní foláir aon chaingean a sheirbheáil taobh istigh de thréimhse 12 mí.</p>	
Toiliú le próiseáil ar shonraí pearsanta agus ar shonraí íogaire		<p>Ábhar nach Neamhbhuan: 8 mbliana ón tráth a ndearnadh próiseáil go deireadh ar na sonraí.</p>		<ul style="list-style-type: none"> • Reacht na dTréimhsí 1957 (arna leasú). <p>Nóta: Faoi Reacht na dTréimhsí 1957, is féidir éileamh maidir le sárú conartha a dhéanamh suas le sé bliana tar éis an tráth a dtarlaíonn an sárú conartha agus ní foláir aon chaingean a sheirbheáil taobh istigh de thréimhse 12 mí.</p>	

CINEÁL NA SONRAÍ	FOINSE/IONAD STÓRÁLA (CÓRAIS ETC.)	TRÉIMHSE COINNEÁLA	TREOIR AR DHEIREADH A THEACHT LEIS AN TRÉIMHSE COINNEÁLA	CÚIS FAOIN REACHTAÍOCHT/EILE	FREAGRACHT
Faisnéis maidir le Cead Oibre/Víosa		Ábhar nach Neamhbhuan: 8 mbliana ó dháta an cheada agus an fhaid a leanann an t-oibrí i mbun na fostaíochta.		Alt 27 den Acht um Cheadanna Fostaíochta 2006.	
C. Faisnéis maidir le hÍoc/Tuarastal					
Sonraí bainc na bhfostaithe		Neamhbhuan: 3 bliana ó dheireadh na fostaíochta.		An Sárchleachtas.	
Taifid párolla agus tuarastail maidir le cuideachtaí (lena n-áirítear taifid a bhaineann le costais fostaithe a aisíoc)	●	Ábhar nach Neamhbhuan: 8 mbliana ó dheireadh na bliana airgeadais lena mbaineann na hÍocaíochtaí.	●	Alt 22, an tAcht um Pá Íosta Náisiúnta 2000.	

CINEÁL NA SONRAÍ	FOINSE/IONAD STÓRÁLA (CÓRAIS ETC.)	TRÉIMHSE COINNEÁLA	TREOIR AR DHEIREADH A THEACHT LEIS AN TRÉIMHSE COINNEÁLA	CÚIS FAOIN REACHTAÍOCHT/EILE	FREAGRACHT
Taifid ÍMAT		Ábhar nach Neamhbhuan: 8 mbliana ó dheireadh na bliana cánach lena mbaineann.		Alt 886 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (an “TCA”). Cuid 5, Treoir na gCoimisinéirí Ioncaim d’Fhostóirí maidir le hÍMAT.	
D. Sonraí maidir le Daoine nach Fostaithe					
Comhaid Dhaoine nach Fostaithe	PeopleSoft, HR Direct, Cruachóip & Bogchóip (teachtaireachtaí ríomhphoist, comhaid etc.).	Ábhar nach Neamhbhuan: 8 mbliana ó thagann deireadh leis an bhfostaíocht.	Scriostar le stialladh discréideach/an taifead in PeopleSoft & HR Direct a ghlanadh. Gach taifead eile bogchóipe a ghlanadh.	<ul style="list-style-type: none"> Reacht na dTréimhsí 1957 (arna leasú) Nóta: Faoi Reacht na dTréimhsí 1957, is féidir éileamh maidir le sárú conartha a dhéanamh suas le sé bliana tar éis an tráth a dtarlaíonn an sárú conartha agus ní foláir aon chaingean a sheirbheáil taobh istigh de thréimhse 12 mí.	
Sonraí faoi Tháillí (Daoine nach Fostaithe)	PeopleSoft.	Ábhar nach Neamhbhuan: 8 mbliana ó thagann deireadh leis an bhfostaíocht.	Cuirtear i gcartlann PeopleSoft tar éis dhá bhliain. Glantar 8 mbliana tar éis dheireadh na fostaíochta.		

CINEÁL NA SONRAÍ	FOINSE/IONAD STÓRÁLA (CÓRAIS ETC.)	TRÉIMHSE COINNEÁLA	TREOIR AR DHEIREADH A THEACHT LEIS AN TRÉIMHSE COINNEÁLA	CÚIS FAOIN REACHTAÍOCHT/EILE	FREAGRACHT
E. Sonraí Pinsin					
<p>Fostaithe (inphinsin):</p> <p><i>Tugtar san áireamh:</i> (1)</p> <p>Conradh fostaíochta maille le gach leasú a bhaineann le hábhar, lámhleabhair foirne, comhaontuithe comhchoiteanna nó polasaithe eile fostaíochta agus/nó comhaontú le ceardchumann agus aon athrú eile ar théarmaí agus ar choinníollacha fostaíochta de réir mar a bhaineann le gnóthaí pinsin.</p>	<p>PeopleSoft, HR Direct, Candidate Manager.</p> <p>Cruachóip & Bunchóip (teachtaireachtaí ríomhphoist, comhaid etc. dioscaí & ionaid éagsúla).</p>	<p>Coinneáil Éigríochta:</p> <p>Coinnítear an fhaid a bhíonn ball (nó cleamhnaithe) i dteideal sochair a fháil faoin scéim agus go ceann 12 bliain ar a laghad ina dhiaidh sin.</p>	<p>An comhad cruachóipe a scrios le stialadh discréideach. An taifead in PeopleSoft a ghlanadh.</p> <p>Gach taifead eile bogchóipe a ghlanadh.</p>	<p>Nóta: Cé nach bhfuil de cheangal faoi na rialacháin cáipéisí a bhaineann le scéimeanna pinsin a choinneáil ar feadh tréimhse faoi leith, is é an gnás oibre is fearr (agus an rud a mbeadh an tÚdarás Pinsean ag tnúth leis) taifid leordhóthaineacha a choinneáil go mbíonn a bhfuil dlite i ndáil le ball faoi leith nó i ndáil leis an scéim go ginearálta comhlíonta agus, ina dhiaidh sin, go ceann na tréimhse a leagtar síos i Reacht na dTréimhsí 1957 (arna leasú), tréimhse 12 bliain faoin reachtaíocht faoi láthair.</p>	

(2) Taifid párolla a bhaineann le ranníocaíochtaí nó préimh a íoc leis an scéim pinsin thar					
---	--	--	--	--	--

CINEÁL NA SONRAÍ	FOINSE/IONAD STÓRÁLA (CÓRAIS ETC.)	TRÉIMHSE COINNEÁLA	TREOIR AR DHEIREADH A THEACHT LEIS AN TRÉIMHSE COINNEÁLA	CÚIS FAOIN REACHTAÍOCHT/EILE	FREAGRACHT
ceann an fhostaí agus/nó aisíoc ar ranníocaíocht.					
<p>Taifid aoisliúntais/pinsin/ scoir an fhostaí:</p> <p><i>Tugtar san áireamh:</i> faisnéis maidir le baill faoi leith (agus a gcuid cleithiúnaithe) agus sochair ar bith ina leith (e.g. eolas maidir le hathnuachan pinsin agus ranníocaíochtaí AV C)</p>	PeopleSoft Cruachóip & Bunchóip.	<p>Coinneáil Éigríochta: Coinnítear an fhaid a bhíonn ball (nó cleamhnaithe) i dteideal sochair a fháil faoin scéim agus go ceann 12 bliain ar a laghad ina dhiaidh sin.</p>	<p>An comhad cruachóipe a scrios le stialladh discréideach. An taifead in PeopleSoft a ghlanadh.</p> <p>Gach taifead eile bogchóipe a ghlanadh.</p>	Féach an nóta thuas.	

<p>Mionsonraí agus Cuntais maidir le Scéim Pinsin:</p>	<p>Cruachóip & Bunchóip.</p>	<p>Coinneáil Éigríochta: Is ceart a gcoinneáil ar feadh ré feidhme na scéime pinsin agus go ceann</p>	<p>An comhad cruachóipe a scrios le stialladh discrídeach. Gach taifead eile bogchóipe a ghlanadh.</p>	<p>Féach an nóta thuas.</p>	
---	----------------------------------	--	--	-----------------------------	--

CINEÁL NA SONRAÍ	FOINSE/IONAD STÓRÁLA (CÓRAIS ETC.)	TRÉIMHSE COINNEÁLA	TREOIR AR DHEIREADH A THEACHT LEIS AN TRÉIMHSE COINNEÁLA	CÚIS FAOIN REACHTAÍOCHT/EILE	FREAGRACHT
<p><i>Tugtar san áireamh:</i> (1) gníomhas iontaobhais, rialacha agus leasuithe agus miontuairiscí chruinnithe na n-iontaobhaithe maidir le gach scéim pinsin faoi leith;</p> <p>(2) Cuntais iniúchta, taifid infheistíochta, luacháil achtúireachta agus gach taifead eile maidir le gnóthaí airgeadais.</p>		12 bliain ar a laghad tar éis fhoirceannadh na scéime.			
F. Cáipéisí maidir le polasaithe Acmhainní Daonna & Caidreamh Tionsclaíochta					
Polasaithe AD	Cruachóip, bogchóip & an HUB.	Coinneáil Éigríochta.	Cuirtear i gcartlann tar éis 8 mbliana.	Bainistíocht maidir le cásanna dlí.	AD

Comhaid, Ceisteanna, Comhfhreagras maidir le Caidreamh	Cruachóip & Bogchóip - ionaid éagsúla AD.	Coinneáil Éigríochta.	Cuirtear i gcartlann tar éis 8 mbliana.	Cásanna agus an dlí.	AD
---	---	------------------------------	--	----------------------	----

CINEÁL NA SONRAÍ	FOINSE/IONAD STÓRÁLA (CÓRAIS ETC.)	TRÉIMHSE COINNEÁLA	TREOIR AR DHEIREADH A THEACHT LEIS AN TRÉIMHSE COINNEÁLA	CÚIS FAOIN REACHTAÍOCHT/EILE	FREAGRACHT
Tionsclaíochta					
Comhaontuit he maidir le Caidreamh Tionsclaíochta	Cruachóip & Bogchóip – ionaid éagsúla.	Coinneáil Éigríochta.	Cuirtear i gcartlann tar éis 8 mbliana.	Cásanna agus an dlí.	AD
Bainistíocht ar Chásanna maidir le Moltaí IRT/ an Chúirt Oibreachais/ Breithiúnas WRC /MDT	Cruachóip & Bogchóip – ionaid éagsúla.	Coinneáil Éigríochta.	Cuirtear i gcartlann tar éis 8 mbliana.	Cásanna agus an dlí.	AD
Sonraí maidir le cásanna Araíonachta & Gearáin	Cruachóip & Bogchóip – ionaid éagsúla.	Ábhar nach Neamhbhuan: 8 mbliana ó thagann deireadh leis an bhfostaíocht.		D'fhéadfadh gá le sonraí den chineál seo i ndáil le cásanna dlí. Faoi Reacht na dTréimhsí 1957, is féidir éileamh maidir le sárú conartha a dhéanamh suas le sé bliana tar éis an tráth a dtarlaíonn an sárú conartha agus ní foláir aon chaingean a sheirbheáil taobh istigh de thréimhse 12 mí.	AD

CINEÁL NA SONRAÍ	FOINSE/IONAD STÓRÁLA (CÓRAIS ETC.)	TRÉIMHSE COINNEÁLA	TREOIR AR DHEIREADH A THEACHT LEIS AN TRÉIMHSE COINNEÁLA	CÚIS FAOIN REACHTAÍOCHT/EILE	FREAGRACHT
PHI/ Cosaint Tuarastail	PeopleSoft, cruachóip agus bogchóip – ionaid éagsúla.	Coinneáil Éigríochta: Coinnítear an fhaid a bhíonn ball (nó cleamhnaithe) i dteideal sochair a fháil faoin scéim agus go ceann 12 bliain ar a laghad ina dhiaidh sin.	An comhad cruachóipe a scrios le stialladh discréideach. An taifead in PeopleSoft a ghlanadh. Gach taifead eile bogchóipe a ghlanadh.	Nóta: Baineann deacracht leanúnach le ceisteanna den chineál seo.	AD
Polasaithe AD	Cruachóip, bogchóip & an HUB.	Coinneáil Éigríochta.	Cuirtear i gcartlann tar éis 8 mbliana.	Bainistíocht maidir le cásanna dlí.	AD
G. Sláinte & Sábháilteacht					
Eachtraí & Tionóisc	PeopleSoft, cruachóip agus bogchóip – ionaid éagsúla.	Coinneáil Éigríochta: Coinnítear go ceann 10 mbliana ar a laghad tar éis dháta na heachtra.	Cuirtear i gcartlann tar éis 8 mbliana.	An tAcht um Shábháilteacht, Shláinte agus Leas ag an Obair 2005 (arna leasú); Na Rialacháin um Shábháilteacht, Shláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007	Andrew Dunne

Measúnú Baoil	Cruachóip & Bunchóip – ionaid éagsúla.	Coinneáil Éigríochta: Coinnítear go ceann 10 mbliana ar a laghad	Cuirtear i gcartlann tar éis 8 mbliana.	An tAcht um Shábháilteacht, Shláinte agus Leas ag an Obair 2005 (arna leasú); Na Rialacháin um Shábháilteacht, Shláinte agus Leas ag an Obair	Andrew Dunne
----------------------	--	--	---	---	--------------

CINEÁL NA SONRAÍ	FOINSE/IONAD STÓRÁLA (CÓRAIS ETC.)	TRÉIMHSE COINNEÁLA	TREOIR AR DHEIREADH A THEACHT LEIS AN TRÉIMHSE COINNEÁLA	CÚIS FAOIN REACHTAÍOCHT/EILE	FREAGRACHT
				(Feidhm Ghinearálta) 2007.	
Comhaid faoi Chúrsaí Sábháilteachta i ndáil le Tionscadail de chuid RTÉ (Creche, an Bealach Nua Isteach, Láthair Léiriúcháin Fair City, athrú go dtí Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe agus Mhaigh Eo)	Cruachóip & Bunchóip – ionaid éagsúla.	Coinneáil Éigríochta.	Cuirtear i gcartlann tar éis 8 mbliana.		Andrew Dunne
Cosaint Leanaí	Cruachóip & Bunchóip – ionaid éagsúla.	Coinneáil Éigríochta.	Cuirtear i gcartlann tar éis 8 mbliana.	Tús Áite do Leanaí; Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí, Altanna 5.21 & 5.21.1, Taifid a Choinneáil, leath. 41 & leath. 42, ní luaitear íostréimhse ná uastréimhse.	Andrew Dunne
Nochtadh maidir le Grinnfhiosrúchán an Gharda (agus ábhar a bhaineann le hiarratais ina	Cruachóip & Bunchóip – ionaid éagsúla.	Coinneáil Éigríochta.	Cuirtear i gcartlann tar éis 8 mbliana.	Faoi Alt 12 de na hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012 go dtí 2016, dlitear ar na heagraíochtaí lena mbaineann nochtadh grinnfhiosrúcháin a fháil	Andrew Dunne

leith)					
--------	--	--	--	--	--

Cuid 2 – Ábhar Craoltóireachta agus Iriseoireachta

CINEÁL NA SONRAÍ	FOINSE/IONAD STÓRÁLA (CÓRAIS ETC.)	TRÉIMHSE COINNEÁLA	TREOIR AR DHEIREADH A THEACHT LEIS AN TRÉIMHSE COINNEÁLA	CÚIS FAOIN REACHTAÍOCHT/EILE	FREAGRACHT
2. Ábhar Craoltóireachta, Foinsí, Cúrsaí Airgeadais agus Ábhar Taighde					
Lón físeáin agus taifeadadh fuaimne den Ábhar Craolacháin ar fad	Cruachóipeanna agus Cóipeanna Digiteacha de Chomhaid (RTÉ G-Drive).	Coinneáil Éigríochta	Cuirtear i gcartlann tar éis 8 mbliana	Luaitear faoi Alt 114(1)(e) den Acht Craolacháin 2009 go bhfuil ar chuspóirí RTÉ <i>“cartlanna agus leabharlanna ina mbeidh bunábhair a bhaineann le cuspóirí RTÉ a bhunú agus a chothabháil”</i> . Foráiltear le hAlt 11(1)(c) de Reacht na dTréimhsí d'uastréimhse 12 mí (ar féidir síneadh suas le 12 mí eile sa bhreis air sin a chur leis) ón dáta ar fhaibhrigh an chúis leis an gcaingean i ndáil le caingean maidir le clúmhillleadh a thionscnamh (i.e. ó foilsíodh an ráiteas a áitítear a bheith ina chlúmhillleadh).	Nuacht & Cúrsaí Reatha RTÉ, Cartlann agus Ábhar RTÉ
Taifeadtaí físeáin & fuaimne, bunábhar & míreanna gearrtha scannánaíochta, ábhar taighde & iriseoireachta a bhaineann le clár	Cruachóipeanna, Nótaí Lámhscríofa, RTÉ G-Drive (cóipeanna leictreonacha).	Coinneáil Éigríochta.	Cuirtear i gcartlann tar éis 8 mbliana	Luaitear faoi Alt 114(1)(e) den Acht Craolacháin 2009 go bhfuil ar chuspóirí RTÉ <i>“cartlanna agus leabharlanna ina mbeidh bunábhair a bhaineann le cuspóirí RTÉ a bhunú agus a chothabháil”</i> .	Nuacht & Cúrsaí Reatha RTÉ & Cartlann Ábhar

faisnéise nó clár de chineál eile a ullmhú				Foráiltear le hAlt 11(1)(c) de Reacht na dTréimhsí d'uastréimhse 12 mí (ar féidir	
---	--	--	--	---	--

CINEÁL NA SONRAÍ	FOINSE/IONAD STÓRÁLA (CÓRAIS ETC.)	TRÉIMHSE COINNEÁLA	TREOIR AR DHEIREADH A THEACHT LEIS AN TRÉIMHSE COINNEÁLA	CÚIS FAOIN REACHTAÍOCHT/EILE	FREAGRACHT
				síneadh suas le 12 mí eile sa bhreis air sin a chur leis) ón dáta ar fhaibhrigh an chúis leis an gcaingean i ndáil le caingean maidir le clúmhillleadh a thionscnamh (i.e. ó foilsíodh an ráiteas a áitítear a bheith ina chlúmhillleadh).	
Sonraí maidir le haíonna sa lucht féachana & éisteachta	Comhaid ríomhaireachta, nótaí lámhscríofa	3 bliana ó bailíodh na sonraí nó ón am deiridh a raibh an t-aoi i láthair ag seó de chuid RTÉ mar aoi sa lucht féachana/éisteachta. ¹			
Sonraí faoi dhaoine a luaitear i gCláir nó i míreanna nuachta nó i ngnéchlár, Liostaí de Chliar Cláir, Téipeanna maidir le Clíar a roghnú	Comhaid ríomhaireachta, cruachóipeanna & nótaí lámhscríofa.	Coinneáil Éigríochta	Cuirtear i gcartlann tar éis 8 mbliana.	Airteagal 5, an Rialachán GDPR.	Nuacht & Cúrsaí Reatha RTÉ, Ábhar & Cartlann RTÉ

Comhaontuithe maidir le Bunchearta Cláir, lena n-áirítear Comhaontuithe le Scríbhneoirí, Foirmeacha Ceada arna síniú nó	Cruachóipeanna & cóipeanna leictreonacha ar G Drive	Coinneáil Éigríochta: An fhaid a bheadh an lón scannánaíochta inchraolta le húsáid ag		Airteagal 5, an Rialachán GDPR. Coinnítear mar thairfead dlíthíochta ar chearta maidir le clár agus ar thoilíú le craoladh.	Nuacht & Cúrsaí Reatha RTÉ Ábhar &
--	---	---	--	--	---------------------------------------

¹ **Nóta:** Cuirtear in iúl d'aíonna sa lucht féachana/éisteachta go gcoinnítear na sonraí pearsanta go ceann tréimhse 3 bliana.

CINEÁL NA SONRAÍ	FOINSE/IONAD STÓRÁLA (CÓRAIS ETC.)	TRÉIMHSE COINNEÁLA	TREOIR AR DHEIREADH A THEACHT LEIS AN TRÉIMHSE COINNEÁLA	CÚIS FAOIN REACHTAÍOCHT/EILE	FREAGRACHT
<p>Comhaontuithe le Rannpháirtithe arna síniú,</p> <p>Comhaontuithe le hOirfidigh,</p> <p>Comhaontuithe maidir le Cead Isteach ar Láthair agus</p> <p>Comhaontuithe maidir le Láthair Taifeadta, comhaontú comhléiriúcháin, cistíochta, etc</p>		RTÉ.		<p>Luaitear faoi Alt 114(1)(e) den Acht Craolachain 2009 go bhfuil ar chuspóirí RTÉ <i>“cartlanna agus leabharlanna ina mbeidh bunábhair a bhaineann le cuspóirí RTÉ a bhunú agus a chothabháil”</i>.</p>	Cartlann RTÉ
<p>Cáipéisí maidir le Cistí Cláir, (buiséid tairiscintí, cuntais chríochnúla etc. san áireamh, a bhféadfadh sonraí pearsanta a bheith iontu)</p>	<p>Cruachóipeanna & cóipeanna leictreonacha ar G-Drive</p> <p>Cóipeanna Digiteacha de Chomhaid</p>	<p>Ábhar nach Neamhbhuan: 10 mbliana ó dheireadh na bliana airgeadais a ndearnadh an clár lena linn.</p>	<p>An comhad cruachóipe a scrios le stialladh discréideach. Gach taifead eile bogchóipe a ghlanadh.</p>	<p>Tá de leas dlisteanach ag RTÉ mar gheall ar chúrsaí gnó agus/nó athúsáide iad a choinneáil ar feadh suas le 10 mbliana</p>	<p>Airgeadas (Aonad Airgeadais na Léiriúcháin Neamhspleách)</p>

Moltaí, Tograí, Iarratais a chuirtear isteach maidir le Cláracha, Teachtaireachtaí Fiosrúcháin ar an Ríomhphost	Cóipeanna Digiteacha de Chomhaid agus ar Chóras rChoimisiúnaithe RTÉ	Coinneáil Éigríochta	Cuirtear i gcartlann tar éis 8 mbliana.	Airteagal 5, an Rialachán GDPR. (Nóta ó Sheirbhísí Dlí Teilifíse – Leas dlisteanach maidir le héileamh ionchais maidir le sárú cóipchirt a chosaint (e.g., leas a bhaineann le cúrsaí dlíthíochta)	Ábhar & Airgeadas (Aonad Airgeadais na Léiriúcháin Neamhspleách)
--	--	-----------------------------	---	--	--

CINEÁL NA SONRAÍ	FOINSE/IONAD STÓRÁLA (CÓRAIS ETC.)	TRÉIMHSE COINNEÁLA	TREOIR AR DHEIREADH A THEACHT LEIS AN TRÉIMHSE COINNEÁLA	CÚIS FAOIN REACHTAÍOCHT/EILE	FREAGRACHT

Cuid 3 – Bainistíocht maidir leis an gCaidreamh le Custaiméirí agus le Soláthraithe Seirbhíse

CINEÁL NA SONRAÍ	FOINSE/IONAD STÓRÁLA (CÓRAIS ETC.)	TRÉIMHSE COINNEÁLA	TREOIR AR DHEIREADH A THEACHT LEIS AN TRÉIMHSE COINNEÁLA	CÚIS FAOIN REACHTAÍOCHT/EILE	FREAGRACHT
Sonraí maidir le Bainistíocht ar an gCaidreamh le Custaiméirí agus le Soláthraithe Seirbhíse					
Sonraí Pearsanta i gcáipéisí tairiscean a thagann chuig RTÉ.	Cruachóipeanna, comhaid ríomhaireachta.	Ábhar nach Neamhbhuan: 8 mbliana ó thagann deireadh leis an bpróiseas tairisceana.		Reacht na dTréimhsí 1957 (arna leasú).	Roinn Soláthair RTÉ
Sonraí pearsanta a bhaineann le cuireadh a chur chuig cliaint, geallsealbhóirí agus lucht aitheantais gnó agus le tograí díolacháin	Córas Bainistíochta Microsoft maidir leis an gcaidreamh le custaiméirí	Neamhbhuan: 3 bliana ón tráth a dtarlaíonn an conradh/cuireadh deiridh.		Airteagal 5, an Rialachán GDPR.	

Cuid 4 – Suíomh Gréasáin RTÉ, na Meáin Shóisialta agus Aipeanna

CINEÁL NA SONRAÍ	FOINSE/IONAD STÓRÁLA (CÓRAIS ETC.)	TRÉIMHSE COINNEÁLA	TREOIR AR DHEIREADH A THEACHT LEIS AN TRÉIMHSE COINNEÁLA	CÚIS FAOIN REACHTAÍOCHT/EILE	FREAGRACHT
4. Suíomh Gréasáin RTÉ, na Meáin Shóisialta agus Aipeanna					
Sonraí maidir le hIarratais ar Chomórtais					
Sonraí maidir le ceannachán ar líne, sonraí íocaíochta san áireamh		Neamhbhuan: 12 mí ó dháta an t-idirbheart a bhaineann le hábhar.		Treoir ó Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí.	
Sonraí a bhailítear agus a úsáidtear i ndáil le seirbhís síniúcháin RTÉ (an seoladh IP san áireamh)		A fhad a bhíonn an t-úsáideoir cláraithe leis an tseirbhís.			
Sonraí faoi Ghléasra in Úsáid maidir le hÁbhar Digiteach do Dhuine faoi leith agus Fógraíocht ar		A fhad a bhíonn an t-úsáideoir cláraithe leis an tseirbhís.			

line					
------	--	--	--	--	--

Cuid 5 – Eile

CINEÁL NA SONRAÍ	FOINSE/IONAD STÓRÁLA (CÓRAIS ETC.)	TRÉIMHSE COINNEÁLA	TREOIR AR DHEIREADH A THEACHT LEIS AN TRÉIMHSE COINNEÁLA	CÚIS FAOIN REACHTAÍOCHT/EILE	FREAGRACHT
4. DÍOLACHÁN LEABHARLAINNE					
Sonraí Comhfhreagrais (Seoladh ríomhphoist, Uimhir teileafóin) an Chustaiméara agus Taifead ar an Idirbheart	Comhaid Dhigiteacha				Díolachán Leabharlainne
Sonraí Ceannacháin, Sonraí Íocaíochta ina leith san áireamh	Comhaid Dhigiteacha	Déantar a Stóráil faoi Láthair go dtí Deireadh na Bliana Airgeadais inar Tharla an tIdirbheart			Díolachán Leabharlainne
Comhaid Dlíodóireachta	Oifig na nAturnaetha	Coinneáil Éigríochta		Airteagal 6 – an Rialachán GDPR	Oifig Aturnaetha RTE

CINEÁL NA SONRAÍ	FOINSE/IONAD STÓRÁLA (CÓRAIS ETC.)	TRÉIMHSE COINNEÁLA	TREOIR AR DHEIREADH A THEACHT LEIS AN TRÉIMHSE COINNEÁLA	CÚIS FAOIN REACHTAÍOCHT/EILE	FREAGRACHT
Taifid maidir le Cuntasaíocht Ghinearálta, obair buiséid, pleanála agus riaracháin.	Airgeadas	Coinneáil Éigríochta		Feidhmeanna reachtúla faoin Acht Craolacháin	Airgeadas